# Polasaí ar Aistriú-Ranganna

## 1. Ginearálta:

**a) Scóp**

Baineann an polasaí seo le daltaí uile na scoile, lena dTuismitheoirí/Caomhnóirí agus le foireann na scoile.

**b) Baint le sanspiorad na scoile**

Is scoil ilchumsitheach lán-Ghaeilge í Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin faoi phátrunacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Tá sé mar aidhm ag an scoil timpeallacht fháilteach, shábháilte agus idir-ghníomhach a chur ar fáil ina spreagtar gach dalta chun barr a gcumas a bhaint amach go hacadúil, go sóisialta, go pearsanta agus go mórálach, le folláine an dalta ina gcroílár i gcónaí. Dréachtadh an polasaí seo chun na haidhmeanna seo a bhaint amach agus táthar ag súil go gcloífidh gach dalta leis an bpolasaí seo.

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí chomh maith cabhrú le Tuismitheoirí/Caomhnóirí na fothorthaí is fearr a bhaint amach dá bpáistí. Is polasaí é atá dréachtaithe ag an mBord Bainistíochta í gcomhpháirt le páirtithe uile na scoile, agus í gcomhpháirt le riachtanaisí an Achta Oideachais (Leas) 2000, chun grá don oideachas a chothú i measc daltaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

**c) Comhthéacs**

Dréachtadh an polasaí seo i gcomhpháirt le pobal uile na scoile agus le sainspioraid na scoile a chaomhnú. Ba chóir go leifí é i gcomhthéacs an Polasaí Sláinte agus Sabháilteachta, an Cód Iompair, an Polasaí Treorach, an Polasaí RSO, an Polasaí Bí Cineálta, agus an Polasaí um Chosaint Leanaí. Molann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin barr feabhais agus na caighdeáin is airde gnóthaíochta san uile ní, agus folláine an dalta ina gcroílar i gcónaí.
Mar scoil atá faoi phatrúnacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Tá sé mar aidhm againn anseo éiteas cuimsitheach, dearfach a cothú bunaithe ar na croíluachanna:  meas, pobal, comhionannas, cúram agus barr feabhais san

oideachas. Creidimid go bhfuil gach ball dár bpobal scoile i dteideal na dínite agus an chineáltais. Spreagaimid na daltaí meas a léiriú orthu féin, ar a chéile, agus ar a dtimpeallacht. Trí fhíorchúram agus tacaíocht, cothaímid folláine agus forbairt phearsanta gach dalta. Oibrímid le chéile mar phobal, ag ceiliúradh na héagsúlachta agus ag cur deiseanna cothroma chun cinn do chách. Agus sinn ag dréim le barr feabhais san oideachas, tá sé mar aidhm againn gach foghlaimeoir a spreagadh chun a lánchumas a bhaint amach agus cur go dearfach leis an saol mórthimpeall orthu.

**d) Réasúnaíocht**

Dréachtadh an polasaí seo:

a) Ionas go dtabharfaí togha na haire d'fholláine na ndaltaí i gcomhpháirt le codanna eile de shaol na scoile.

b) Chun leanúnachas agus dul chun cinn na foghlama a éascú.

c) Chun cinntiú go mbaineann na daltaí an tairbhe is fearr as na deiseanna a thairgeann an scoil dóibh.

d) Chun cinntiú do dtuigeann Tuistí/Caomhnóirí, Daltaí agus Múinteoirí a róil agus a bhfreagrachtaí maidir leis an bpolasaí.

**2. Spriocanna an Pholasaithe**

Is iad spriocanna an pholasaithe ná:

a) Daltaí a spreagadh ionas go mbeidh siad freagrach as a bhfoghlaim féin.

b) Rialacha maidir leis an bpolasaí aistriú ranganna a shoiléiriú.

c) Go ndéanfaí deimhin de go mbaineann na daltaí an leas is fearr as na deiseanna foghlama atá ar fáil sa scoil.

d) Timpeallacht scoile a sholáthar le folláine an dalta ina gcroílár.

e) Teangmháíl dearfach a spreagadh idir Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus an scoil.

f) Tacaíocht a thabhairt má tá saincheisteanna maidir le Aistriú-Ranga.

## 3. Bunranganna

a) Cuireann Ceann Bliana na Chéad Bliana bunranganna an tSraith Shóisearach le chéile. Lorgaítear ainmneacha triúir chara atá ag teacht go dtí an Gaelcholáiste chomh maith ó gach dalta atá cláraithe. Cinntítear go bhfuil duine amháin ar a laghad den triúir sin i mbunrang an dalta.

b) Is féidir cruinniú a lorg idir thuismitheoirí/caomhnóirí agus Ceann Bliana na Chéad Bhliana san Earrach don 6ú Rang chun aon bhuairt ar bhunranganna a phlé.

c) Is ranganna measctha iad bunranganna an Teastais Shóiséaraigh ar fad sa Ghaelcholáiste.

d) Fanfaidh na daltaí ina mbunranganna do na hábhair éiginntigh Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Eolaíocht, Spáínnis, Stair, OSSP, OSPS, Creideamh agus Corpoideachas sna blianta sóisearacha.

e) Meascfar bunranganna an tSraith Shóisearach le haghaidh an Idirbhliain. Cuireann Ceann Bliana na Tríú Bliana agus Ceann Bliana na hIdirbhliana na bunranganna seo le chéile i mí Bealtaine na Tríú Bliana. Déanfar é seo chun an deis a thabhairt do dhaltaí obair le piaraí nua, iad a spreagadh chun cairde nua a dhéanamh agus tús a chur len iad a ullmhú do mhórathruithe an tsaoil atá rompu. Ní ghlacfar le iarrataisí ar dhaltaí a bheith i mBunranganna ar leith ag an bpointe seo.

f) Sa Sraith Sínsearach, fanfaidh daltaí ina mbunranganna le haghaidh Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Spáinnis, Corpoideachas, Treoir agus Creideamh, ach amháin sa chás go mbeidh ranganna árdleibhéal agus gnáthleibhéal ann.

g) Déanfar idirphlé leis na páirtithe uile sula ndéantar cinneadh ar bhunranganna na Sinsearaigh.

h) Pléifear le hachainní ó thaobh ranganna a aistriú go cothrom agus go leochaileach. Braitheann sé ar na cuinsí. San áireamh anseo tá méid an spáis atá ar fáil i mbun rang eile, folláine an dalta, múineadh agus foghlaim an dalta agus a c(h)omhdhaltaí, agus oiriúnacht an dalta don bhunrang eile.

i) Déantar athbhreithniú ar bhunranganna go rialta.

**4. Ábhair Roghnacha an Teastais Shóisearaigh**

a) Beidh Seisiún Eolais do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí i san Fhomhar sa Chéad Bhliain maidir leis na hÁbhair Roghnacha an Teastais Shóisearaigh.

b) Chomh fada agus is féidir, ní bheidh blocanna réamhdhéanta ábhar roghnacha. Cruthaítear na blocanna gach bliain bunaithe ar roghanna na ndaltaí. Sa chaoi seo, déantar gach iarracht freastal ar roghanna na ndaltaí. É sin ráite, beidh roghanna nách bhféadfaí freastal orthu taobh istigh de bhandaí ábhar.

c) Roghnaíonn na daltaí a n-ábhair i Mí Dheireadh Fómhair sa Chéad Bhliain.

d) Moltar nách ceart do dhaltaí athrú ó ábhar amháín go hábhar eile. É sin ráite, má tá cuinsí eisceachtúla, breathnaítear ar aon iarratas i scríbhinn amháin, déanta ag Tuismitheoir/Caomhnóir roimh briseadh Meáin-téarma mí Feabhra sa chéad bhliain.

e) Braitheann cead aistriú ar an chuid chuinsí. San áireamh anseo tá an spás atá ar fáil san Ábhar Roghnach atá ag teastáíl, Sláínte agus Sábháilteacht, torthaí san Ábhar atá á lorg agus comhairle an mhúinteora roghnaigh.

f) Ní cheadaítear aon aistriú taréís briseadh meáin-téarma an Earraigh.

**5. Athrú leibhéíl don Teastas Sóisearach**

a) Má tá iarratas i scríbhinn ó Thuismitheoir/Chaomhnóir atá ag iarraidh go n-aistreoidh dalta ó Ardleibhéal go Gnáthleibhéal in aon ábhar, ceadófar é más é an cinneadh is fearr é le haghaidh an dalta, taréís idirphlé idir na rannpháirtithe ar fad.

b) Dhiúltófar aon iarratas ar aistriú ó Gnáthleibhéal go Árdleaibhéal ach amháin i gcásanna eisceachtúil ar fad.

**6. Ábhair dualgais don Sraith Sinsearach**

a) Roinntear Ábhair áirithe idir Ardleibhéal/Gnáthleibhéal don Sraith Sinsearach.

b) Déanfar cinneadh maidir leis an leibhéál oiriúnach ag brath ar na torthaí a fuair an dalta sa Teastas Sóisearach, mianta an dalta agus comhairle an mhúinteora ábhair agus comhairle an mhúinteora threoir-gairme.

c) Má tá iarratas i scríbhinn ó Thuismitheoir/Chaomhnóir atá ag iarraidh go n-aistreoidh dalta ó Ardleibhéal go Gnáthleibhéal in aon ábhar don Sraith Sinsearach, nó má tá iarratas ón dalta sa chás go bhfuil siad 18 nó níos sine, ceadófar é más é an cinneadh is fearr é le haghaidh an dalta, taréís idirphlé idir na rannpháirtithe ar fad.

d) Dhiúltófar aon iarratas ar aistriú ó Gnáthleibhéal go Árdleaibhéal ach amháin i gcásanna eisceachtúil ar fad.

7. **Ábhair Roghnacha Ardteiste**

a) Beidh Seisiún Eolais ar Ábhair Roghnacha ar siúl do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí in Earrach i na hidirbhliana.

b) Gheobhaidh na daltaí comhairle agus moltaí ó mhúinteoirí Ábhar maidir leis na hábhair roghnacha a bheidh ar fáil dóibh.

c) Chomh fada agus is féidir ní bheidh blocanna réamhdhéanta ábhar roghnacha. Cruthaítear na blocanna gach bliain bunaithe ar roghanna na ndaltaí. Sa chaoi seo, déantar gach iarracht freastal ar roghanna na ndaltaí. É sin ráite, beidh roghanna nách bhféadfaí freastal orthu taobh istigh de bhandaí ábhar.

d) Roghnóidh na daltaí a n-ábhair i mí Aibreáin na hIdirbhliana, agus beidh an t-eolas acu maidir leis na hábhair a bheidh á dhéanamh acu don Sraith Sinsearach i Mí Bealtaine na hIdirbhliana.

e) Ní mholtar do dhaltaí a bheith ag aistriú ó ábhar amháín go hábhar eile. É sin ráite, má tá cuinsí neamh eisceachtúla, breathnóidh an scoil ar aon iarratas i scríbhinn roimh deireadh mhí Mheáin Fhómhair sa chúigiú bhliain.

f) Braitheann cead aistriú ó ábhar roghnach amháín go hábhar roghnach eile ar an chuid chuinsí. San áireamh anseo tá an spás ata ar fáil san Ábhar Roghnach atá ag teastáíl, Sláínte agus Sábháilteacht, torthaí an Teastais Shóisearaigh san Ábhar ata á lorg agus comhairle an mhúinteora roghnaigh.

g) Ní cheadaítear d'aon dalta aistriú taréís deireadh mhí Mheáin Fhómhair na Cúigiú Bliana, ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Cuirfear an polasaí seo ar fáil do pháirtithe uile na scoile.

Déanfar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil, agus/nó nuair is gá.

Ghlac an Bord leis an bPolasaí seo ar an 13ú Márta 2018.

Rinneadh an athbhreithniú is déanaí ar an bPolasaí seo ar an 10ú Feabhra, 2026.